Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gluaischárta

## Buntéarmaíocht na Gearrscannánaíochta*

FGL (T2) 2022-2023

## Ceamara

**Garseat/seat teann:** Seat ina mbíonn aghaidh an duine (nó mionsonra éigin) mór ar an scáileán, chun móthúcháin an charachtair a léiriú nó chun mionsonraí a chur in iúl



***El Toro***
le Zorrero Films
(i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & Inst. Scannán na hÉireann)

**Meánseat:** Seat ina bhfuil an duine le feiceáil ón gcoim aníos go dtí an aghaidh; chun gnáthaicsean sa scéal a léiriú nó caidreamh idir carachtair a chur in iúl



***Yu Ming is Ainm Dom***
le Dough Productions
(i gcomhar le Lasair TG4 & Filmbase)

**Seat fada/leathan:** Feictear an duine agus a gharthimpeallacht; chun suíomh an scéil (nó suíomh an radhairc seo) a léiriú



***Cúilín Dualach***
le Cartoon Saloon
(i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4)

**Soilsiú:** An próiseas agus an teicneolaíocht trína ndéantar duine/aicsean a mhaisiú le soilse



***An Rinceoir***
le Underground Films
(i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann)

**Seat ó cheamara ard:** Tá an ceamara ag breathnú anuas, ag cur in iúl go bhfuil an duine/an t-ábhar atá sa bhfráma beag nó leochaileach



***Clare sa Spéir***
le Zanzibar Productions
(i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4)

**Seat ó cheamara íseal:** Tá an ceamara ag breathnú aníos, ag cur in iúl go bhfuil an duine/an t-ábhar atá sa bhfráma mór, láidir nó údarásach



***Clare sa Spéir***
le Zanzibar Productions
(i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4)

**Sraitheog:** Sraith radharc atá mar mhír den scéal



***Is don mhúinteoir an gluaischárta seo, go príomha. Ní liosta cuimsitheach téarmaí é seo, ach téarmaí atá in úsáid i gceardlann FGL (T2) 2022/2023**


CC BY NC

Gluaischárta: Buntéarmaíocht na Gearrscannánaíochta ar lean

## Fuaimeanna

**Ceol teidil:** An ceol a sheinntear taobh thiar de na grafaicí teidil

**Cúlcheol:** Fuaimrian an scannáin a úsáidtear chun cur leis an atmaisféar

**Comhrá:** Caint idir bheirt nó níos mó; cuirimid aithne ar na carachtair dá bharr

**Guth an scéalaí:** Nuair a bhíonn scéalaí i scannán, cloisimid an scéal ó dhearcadh an charachtair sin

**Ciúnas:** Bíonn tionchar ar leith ag easpa fuaime ar an lucht féachana, i gcomhthéacs an radhairc

**Fuaimeanna ar an láthair:** Torann timpeallach a chuireann leis an atmaisféar agus le réaltacht an tsuímh


Foinse na híomhá: Canva


Foinse na híomhá: Canva

## Postanna

**Aisteoir**: Glacann sé/sí páirt charachtair éigin sa scannán

**Stiúrthóir:** Stiúrann sé/sí an scannán i gcomhar leis an gcriú

**Scríbhneoir scripte:** An duine a scríobhann script scannáin

**Cumadóir ceoil:** An duine a chumann an ceol don scannán

**Beochantóir:** Ealaíontóir a chruthaíonn íomhánna do bheochan

**Léiritheoir:** Cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar an tionscadal in am agus chuig caighdeán cuí

**Eagarthóir:** Cuireann sé/sí na seatanna le chéile agus cuireann maisíochtaí fuaime leo

**Ceamaradóir:** Glacann sé/sí na seatanna


Stiúrthóir: Audrey O'Reilly


Ceamaradóir


Criú
***Clare sa Spéir***

## Gnéithe Eile

**Plota:** Na príomhimeachtaí a bhaineann le scéal

**Struchtúr trí ghnímh:** Modh insinte scéil ina mbíonn trí chuid i bhforbairt an phlota

**Cultacha:** Éadaí na gcarachtar; ag cur pearsantacht/aois/suíomh in iúl

**Fearas stáitse:** Frapa a úsáideann aisteoirí ar an stáitse nó ar an scáileán


Foinse na híomhá: Canva


Foinse na híomhá: Canva


CC BY NC